NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach (dréacht)

Iúil 2023

# An Clár Ábhar

Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach ... 1

Smaointeoireacht agus fadhbanna a réiteach ... 3

A bheith cruthaitheach ... 5

Cumarsáid ... 6

Obair le daoine eile ... 7

Rannpháirteachas sa tsochaí ... 8

Folláine a chothú ... 9

Foghlaim a bhainistiú agus féinbhainistiú ... 10

Gluais Téarmaí ... 11

Eolas ... 11

SCILEANNA ... 11

Luachanna agus meonta ... 11

Príomhinniúlachtaí ... 12

Torthaí foghlama ... 12

Tréithe ... 12

Uirlisí ... 12


Straitéisí ... 12

Foinsí ... 12

Téacsanna ... 12

# Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach

Cabhraíonn an tsraith shinsearach leis an scoláire a bheith níos rannpháirtí, níos saibhre agus níos inniúla, agus é ag déanamh tuilleadh forbartha ar a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta ar bhealach comhtháite.




*Fíor 1 Comhpháirteanna na n-inniúlachtaí agus an tionchar a mhianaítear leo*

Is scáth-théarma é Príomhinniúlachtaí[1] lena ndéantar tagairt don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire le linn na sraithe sinsearaí.

Déanann an scoláire príomhinniúlachtaí a fhorbairt mar chuid den churaclam agus ar feadh an churaclaim le linn na sraithe sinsearaí. Ar an ábhar seo, is cáipéis thábhachtach í seo a bhféadfaidh meithle forbartha CNCM, Bord na Sraithe Sinsearaí agus an Chomhairle í a úsáid agus ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí á bhforbairt. Is cáipéis thábhachtach í chomh maith a bhféadfaidh scoileanna í a úsáid agus an curaclam á chur i bhfeidhm acu le haghaidh teagaisc, foghlama agus measúnaithe sa tsraith shinsearach athfhorbartha. Is é a dhéanann na príomhinniúlachtaí a bhfuil cur síos orthu sa cháipéis seo, ná tacú leis an scoláire fás agus forbairt a dhéanamh ar bhonn intleachtúil, pearsanta, sóisialta, morálta agus fisiceach. Is doimhne an fhoghlaim nuair a fhéadann an scoláire a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta a chomhtháthú agus a chur i bhfeidhm i réimse de thascanna, comhthéacsanna, cásanna agus eispéiris éagsúla. Déantar gach príomhinniúlacht a ainmniú agus déantar cur síos uirthi, le torthaí foghlama ardleibhéil bainteacha agus le buanna ábhartha. Is amhlaidh go bhfuil na príomhinniúlachtaí:


- idirnasctha agus go gcumascann siad lena chéile.
- go bhfuil siad infheicthe agus tábhachtach ar feadh an churaclaim.
- go gcuireann siad leis an bhfoghlaim roimhe seo.
- in ann cabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir naisc bhríocha a dhéanamh idir agus thar
  réimsí éagsúla foghlama.
- gur féidir go bhfeabhsóidís foghlaim fhoriomlán an scoláire.

Cuireann forbairt litearthachtaí agus uimhearthacht an scoláire le forbairt na n-inniúlachtaí agus an bealach eile thart. Tacaítear leis na príomhinniúlachtaí nuair:

- a bhíonn litearthachtaí an scoláire dea-fhorbartha, m.sh., nuair a fhéadann sé léamh, breathnú, scríobh, labhairt, éisteacht, léirmhíniú agus ciall a chur in iúl go bríoch agus go héifeachtach i réimse comhthéacsanna.

[1] Is é a thugtar orthu seo freisin ó am go chéile ná acmhainneachtaí nó cumais.

- a bhíonn uimhearthacht an scoláire dea-fhorbartha, .i. nuair a bhíonn sé in ann tuiscint agus brí a bhaint as uimhreacha, sonraí agus siombailí agus iad a léirmhíniú agus a úsáid go héifeachtach.
- a bhaineann an scoláire dea-úsáid as uirlisí éagsúla, lena n-áirítear teicneolaíochtaí, chun tacú lena chuid foghlama.




*Fíor 2 Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach agus a gceangal leis na litearthachtaí agus le huimhearthacht.*

D'fhéadfadh sé go rachadh cúlra gach aon scoláire againn, roimhe seo, faoi láthair, ar scoil, sa bhaile, sa phobal agus sa tsochaí i gcoitinne, i bhfeidhm ar fhorbairt na n-inniúlachtaí seo. Ós rud é go bhfuil gach aon duine éagsúil, ní dócha go bhforbróidh aon duine amháin na tréithe de na príomhinniúlachtaí seo go léir mar a chéile. Ina áit sin, is é an aidhm atá ann go ndéanfaidh an scoláire iarracht a oiread de na tréithe seo agus is féidir a fhorbairt, gan aon tréith uathúil dá chuid féin a fhágann gur duine uathúil é nó í, a chailleadh.

Féadann gach aon scoláire a bheith ag obair ar a chuid príomhinniúlachtaí, agus is féidir tacú leis chun iad a fheabhsú. Is féidir leis na príomhinniúlachtaí an chumhacht a thabhairt do dhaoine fásta óga le bheith rannpháirteach ar bhonn bríoch ina scoil, a dteaghlach, a bpobal agus a sochaí. De

réir mar a thagann an scoláire in aibíocht, is féidir na príomhinniúlachtaí seo a bheith ag obair as lámh a chéile chun cabhrú leis an scoláire freagairt do thascanna níos casta agus níos éagsúla agus iad a láimhseáil, de réir mar is iomchuí i bhfianaise a chuid riachtanas agus cumas féin. Cuireann sé eolas ar na nithe atá le déanamh agus an bealach lena ndéanamh, agus ar na hamanna nuair is gá gníomhú agus gan gníomhú. Tá an-tábhacht ag baint le dul chun cinn an scoláire agus máistreacht a fháil ar na príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach agus é ag ullmhú le tús a chur leis an saol aosach, cé go ndéantar forbairt ar na hinniúlachtaí seo tríd an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil. Is é an scoláire sin a bhfuil a chuid príomhinniúlachtaí dea-fhorbartha aige is fearr a bhíonn in ann tuiscint agus foghlaim a dhéanamh; plé le deiseanna agus fadhbanna sóisialta agus freagairt dóibh; an t-aistriú a dhéanamh ón scoil go dtí oideachas aosach agus breisoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus/nó saol na hoibre; agus glacadh leis an saol aosach. Agus a bpríomhinniúlachtaí ag éirí níos sofaisticiúla, cuirtear le hacmhainneacht an scoláire dul chun cinn a dhéanamh agus rathúlacht a bhaint amach.

Cuireann na príomhinniúlachtaí seo le foghlaim thábhachtach ón luath-óige, ón mbunoideachas agus ón tsraith shóisearach. Cuirtear beocht iontu trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn an múinteoir agus trí fhreagairtí an scoláire orthu seo. Is féidir agus ba cheart go gcabhrófaí leis an scoláire a chuid príomhinniúlachtaí a fhorbairt, beag beann ar an gconair a bheadh á leanúint aige tríd an tsraith shinsearach nó ar na hábhair agus modúil a roghnódh sé agus beag beann ar a chúlra, ar a chuid cúinsí ná ar a chuid eispéireas, faoi láthair nó roimhe seo. Mar chuid den teagasc, den fhoghlaim agus den mheasúnú, ba cheart go bhfaigheadh an scoláire a lán deiseanna lena chuid príomhinniúlachtaí a léiriú. Is dóchúla go réadófar acmhainneacht bhunathraitheach na bpríomhinniúlachtaí nuair a dhéanann an múinteoir agus an scoláire anailísiú agus plé ar na hinniúlachtaí atá siad a fhorbairt agus nuair a thugann an múinteoir deiseanna don scoláire chun naisc bhríocha a dhéanamh thar na hábhair agus modúil éagsúla.

Déantar gach inniúlacht a ainmniú agus déantar cur síos uirthi in íochtar, le torthaí foghlama ardleibhéil bainteacha agus le buanna ábhartha. Baineann na torthaí foghlama seo le gach ábhar agus modúl agus treoraíonn siad forbairt na dtorthaí foghlama sainábhair agus sainmhodúil. Cuireann na tréithe leis na torthaí foghlama, agus is iad a dhéanann na príomhinniúlachtaí níos soiléire. Ba cheart go gcabhródh gach aon ábhar agus modúl leis an scoláire na príomhinniúlachtaí go léir a fhorbairt, d’fhéadfadh sé, áfach, go mbeadh roinnt tréithe níos ábhartha in ábhair agus modúil áirithe ná mar a bheidís i gcinn eile.

## Smaointeoireacht agus fadhbanna a réiteach

Baineann an inniúlacht seo le loighic agus réasúnaíocht a bheith in úsáid ag an scoláire chun cinntí tomhaiste a dhéanamh, socrú ar an gcéad rud eile a bheadh le déanamh agus ceisteanna, freagairtí agus réitigh a chur le chéile. Oibríonn siad amach cad iad na nithe a oibríonn agus nach n-oibríonn ina smaointeoireacht agus an chaoi a dtugann siad faoi thascanna. Déanann siad iarracht a smaointeoireacht agus a réiteach fadhbanna a fheabhsú trí fheidhm a bhaint as cuir chuige éagsúla, lena n-áirítear comhrá, staidéar, aiseolas, machnamh agus cleachtadh leantach.

| **Torthaí foghlama** | **Tréithe** |
| --- | --- |
| Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire | Smaointeoireacht agus fadhbanna a réiteach trí |

| | |
|---|---|
| Smaointeoireacht chriticiúil a chur i bhfeidhm i suíomhanna a mbeach cur amach acu orthu agus i suíomhanna úra araon. | • Eolas, smaointe, teoiricí agus coincheapa a fháil ó áiteanna difriúla agus iad a chur i bhfeidhm.<br>• Critéir a úsáid chun rogha a dhéanamh idir foinsí m.sh. iontaofacht, oiriúnacht, ábharthacht, costas agus inrochtaineacht.<br>• Critéir a úsáid leis an difear a aithint idir tuairimí, breithiúnais, claontachtaí agus fíricí.<br>• Smaointeoireacht chriticiúil a dhéanamh i dtaobh noirm agus gnásanna sóisialta.<br>• Sonraí, faisnéis, patrúin, treochtaí, naisc agus gaolta a fhiosrú chun tuiscint níos doimhne agus mínithe níos fearr a fháil.<br>• Hipitéisí a chruthú, tuartha a dhéanamh, argóintí agus fianaise a fhiosrú agus a chur sa mheá, agus tátail shoiléire chiallmhara a bhaint amach.<br>• Tuairimí agus earráidí a cheistiú; argóintí agus frithargóintí bailí a chur le chéile. |
| Fadhbanna a shainaithint, teacht aníos le réitigh fhéideartha agus cinntí eolasacha a dhéanamh. | • Rudaí a thuiscint, a anailísiú, a shintéisiú, a mheasúnú, a léirmhíniú agus a chruthú.<br>• Uimhreacha agus sonraí a úsáid chun breathnuithe, meastacháin agus ríomhanna a dhéanamh.<br>• Roghanna agus réitigh éagsúla a fhiosrú, iarmhairtí agus torthaí dóchúla a thuar.<br>• Cinntí eolasacha a dhéanamh agus na torthaí agus iarmhairtí gearrthréimhseacha agus fadtréimhseacha a mheasúnú.<br>• A bheith meabhrach ar na buntáistí agus míbhuntáistí a thagann le bheith ag breathnú siar.<br>• An tionchar a bhíonn ag sriantachtaí fíorshaoil ar réitigh agus gníomhartha féideartha a aithint agus a iniúchadh. |
| Réimse de straitéisí smaointeoireachta, luachanna agus meonta a fhorbairt agus a úsáid chun forbairt a dhéanamh agus freagairt chriticiúil a thabhairt ar cheisteanna agus tascanna agus chun fadhbanna a réiteach. | • Ceisteanna a chur agus dúshláin a lorg.<br>• A bheith leathanaigeanta tuairimeach, dearcthaí éagsúla a lorg agus féidearthachtaí iolracha a fhiosrú.<br>• A bheith sásta glacadh le haiseolas agus é a úsáid lena bhfoghlaim a fheabhsú.<br>• Naisc a dhéanamh idir míreanna éagsúla foghlama agus idir eolas a bhí ann cheana agus eolas úr.<br>• Machnamh a dhéanamh ar straitéisí smaointeoireachta d'fhonn an fhoghlaim a fheabhsú.<br>• Gníomhú le hionracas, freagracht a ghlacadh as do chuid oibre féin agus as obair an ghrúpa.<br>• A bheith trédhearcach faoi fhoinsí, a bheith in ann foghlaim ó obair daoine eile agus an chreidiúint chuí a thabhairt do shaothar agus smaointe daoine eile. |

## A bheith cruthaitheach

Baineann an inniúlacht seo le bheith ag teacht aníos le smaointe, ceisteanna, smaointeoireacht, teoiricí, réitigh agus saothair chruthaitheacha úra, trí bheith ag útamáil le coincheapa atá ann cheana agus iad a chomhcheangal ar bhealaí úra, agus trí bheith ag glacadh le smaointeoireacht éagsúil, leis an gcumhacht atá ag samhlaíocht an duine agus le hacmhainneacht na dteicneolaíochtaí. Is féidir go rachadh an chruthaitheacht chun sochair do dhaoine aonair, do ghrúpaí, do phobail agus don tsochaí agus go dtiocfadh an nuálaíocht mar thoradh uirthi. Is féidir go gcabhródh an chruthaitheacht le daoine fadhbanna casta a ionramháil. Is féidir, ach straitéisí, nósanna intinne agus meonta a fhorbairt lena gcothófaí an chruthaitheacht, go gcabhrófaí leis an scoláire freagairt phearsanta dá chuid foghlama a fhorbairt agus a chothú.

| **Torthaí foghlama**<br>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire | **Tréithe**<br>A bheith cruthaitheach trí |
|---|---|
| A bheith cruthaitheach agus réimse de straitéisí agus próisis a fhorbairt a thacódh lena gcruthaitheacht. | • A bheith rannpháirteach in eispéiris chultúrtha agus foghlaim ó shaothair chruthaitheacha.<br>• Samplaí den nuálaíocht agus den fhiontraíocht a iniúchadh agus a bheith ag foghlaim uathu.<br>• A bheith ag teacht aníos le agus ag fiosrú ceisteanna, ag sainaithint fadhbanna agus teacht aníos le tuairimí i dtaobh freagraí agus réitigh fhéideartha.<br>• Triail a bhaint as rudaí éagsúla chun freagairt do thascanna agus cásanna.<br>• Smaointe atá ann cheana a chomhcheangal chun coincheapa, smaointe, próisis, táirgí agus pobail a fheabhsú.<br>• Smaointe a chur i ngníomh, smaointe, dearaí, saothair chruthaitheacha, taibhithe, próisis agus táirgí úra a chruthú.<br>• Todhchaí inbhuanaithe a shamhlú agus céimeanna a ghlacadh chun í seo a bhaint amach. |
| Luachanna agus meonta a fhorbairt lena gcothófaí a gcruthaitheacht. | • A bheith fiosrach, leathanaigeanta, fiontrach agus samhlaíoch.<br>• A bheith amhantrach agus toilteanach dul san fhiontar chun críche na foghlama.<br>• A bheith compordach leis an débhríocht agus leis an éiginnteacht agus, san am céanna, bealaí a aimsiú le dul chun cinn a dhéanamh.<br>• Caighdeáin inmheánacha a fhorbairt i dtaca lena fheabhas atá do chuid oibre féin agus obair daoine eile.<br>• Machnamh a dhéanamh ar do chruthaitheacht féin agus ar an bpróiseas cruthaitheach. |

## Cumarsáid

Baineann an inniúlacht seo le hidirghníomhú bríoch a dhéanamh le daoine eile agus tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar a thábhachtaí atá an chumarsáid do chaidrimh dhaonna. Tríd an inniúlacht seo, déanann an scoláire tuilleadh forbartha ar an réimse de scileanna cumarsáide atá aige. Déanann siad cumarsáid chun naisc a dhéanamh agus chun a gcuid smaointe, mothúchán agus barúlacha a chomhroinnt ar bhealach soiléir barántúil éifeachtach. Déanann siad nósanna a fhorbairt agus meonta a chothú lena dtacaítear lena n-acmhainneacht cumarsáid a dhéanamh ar bhonn pearsanta agus trí éagsúlacht de mheáin a úsáid.

| **Torthaí foghlama**<br>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire | **Tréithe**<br>Cumarsáid trí |
|---|---|
| A dtuiscint ar fhoirmeacha éagsúla cumarsáide a dhoimhniú agus ar an ábhar a bhfuil staidéar á dhéanamh acu air. | • Doimhniú na tuisceana agus taitneamh a bhaint as focail, siombailí, uimhreacha, teanga, fuaim, gluaiseacht, uirlisí, meáin agus téacsanna.<br>• A bheith ag éisteacht, ag breathnú agus ag léamh go haireach agus ag freagairt go bríoch.<br>• Ceisteanna a chur chun ciall a dhéanamh de smaointe, dearcthaí agus mothúcháin.<br>• Ciall a chur in iúl agus tuiscint agus cur chuige a chur in oiriúint d'fhormáidí, spriocphobail agus cásanna éagsúla.<br>• Barúlacha a chur in iúl, tuairimíocht agus plé a dhéanamh, argóintí a dhéanamh, daoine a chur ar an eolas agus rudaí a áitiú ar dhaoine.<br>• Réimse téacsanna a anailísiú agus a léirmhíniú.<br>• Tuiscint chriticiúil a fhorbairt. |
| Cumarsáid bhríoch éifeachtach a dhéanamh, ag úsáid uirlisí agus formáidí éagsúla, ar chúiseanna éagsúla agus le spriocphobail éagsúla. | • Faisnéis a bhailiú ó na céadfaí go léir.<br>• Éagsúlacht d'uirlisí a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, lena n-áirítear teangacha, gléasanna, trealamh, ábhair agus teicneolaíocht.<br>• Teanga, formáidí agus teicnící iomchuí a úsáid chun sonraí agus faisnéis a chur i láthair go soiléir.<br>• Téacsanna, réada fisiceacha agus taibhithe a chruthú, a dhearadh agus a chumadh. |
| Nósanna agus meonta todhchaí a fhorbairt a chabhróidh leo, dá réir, cumarsáid bhríoch éifeachtach a dhéanamh. | • Cumarsáid bharántúil a dhéanamh, ar bhonn pearsanta agus ar bhonn fíorúil, ag úsáid foirmeacha éagsúla cumarsáide.<br>• A bheith ag éisteacht go gníomhach agus soiléire agus tuiscint a lorg.<br>• Mífhaisnéis a aithint agus iarracht a dhéanamh cur ina héadan.<br>• A bheith foighneach machnamhach nuair a thiteann dúshláin cumarsáide amach, agus oiriúnú don chás. |

| | |
|---|---|
| | • A bheith oscailte do thuairimí agus dearcthaí saoil éagsúla.<br>• A thuiscint mar a théann tuin, gothaí, comharthaíocht choirp, mothúcháin agus íomhánna i bhfeidhm ar an gcumarsáid agus an tuiscint seo a úsáid ar bhealach eiticiúil freagrach.<br>• Machnamh a dhéanamh ar na nithe a dhéanann tú go maith agus na nithe a bhféadfá iad a fheabhsú agus tú i mbun cumarsáide. |

## Obair le daoine eile

Baineann an inniúlacht seo le bheith ag obair ar bhonn comhoibritheach i réimse de chomhthéacsanna ar chuid mhór cúiseanna éagsúla. Ach é a bheith dea-struchtúrtha, is féidir comhoibriú le daoine eile foghlaim an scoláire a shaibhriú agus a thuiscint ar dhinimicí péirí, grúpaí agus foirne a dhoimhniú. Féadann an scoláire tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a chuid scileanna sóisialta agus mothúchánacha mar aon lena thuiscint agus meas ar bhuanna, barúlacha, taithí agus pearsantacht a gcomhscoláirí, a múinteoirí agus daoine eile. Trí bheith ag comhoibriú le daoine eile, is féidir go ndoimhneofaí léirthuiscint an scoláire ar thábhacht na héagsúlachta agus na hionchuimsitheachta. Tugann sé deiseanna don scoláire éirí níos fearr ag an ionramháil ar mhothúcháin, dúshláin agus coimhlintí a d'fhéadfadh teacht chun cinn, agus a oibriú amach conas bealach chun tosaigh a aimsiú. Is uirlis í an teicneolaíocht atá ag éirí i bhfad níos tábhachtaí agus ar féidir go dtacódh sí leis an gcomhoibriú le daoine eile agus go gcruthódh sí dúshláin ina thaobh seo chomh maith.

| **Torthaí foghlama**<br>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire | **Tréithe**<br>Obair le daoine eile trí |
|---|---|
| A bheith ag obair ar bhonn comhoibritheach i mbeirteanna, i ngrúpaí agus i bhfoirne. | • Socrú ar rudaí mar ghrúpa agus a bheith ag comhoibriú chun spriocanna comhroinnte a bhaint amach.<br>• Glacadh le róil éagsúla, lena n-áirítear ról ceannais a ghlacadh ó am go chéile.<br>• A bheith ag cur ar bhonn bríoch le hobair an ghrúpa.<br>• Meastóireacht a dhéanamh ar an obair de réir mar a bhíonn sí á déanamh agus an cur chuige a athrú más gá.<br>• Aiseolas a thabhairt agus freagairt don aiseolas agus tuiscint a fháil ar a thábhachtaí atá sé.<br>• Tuiscint a fháil ar ghrúpdhinimic, a bheith in ann ligean chugat agus uait agus ionramháil a dhéanamh ar dhifríochtaí ó thaobh tuairimí agus cuir chuige de. |
| Straitéisí, luachanna agus meonta a fhorbairt a fhágfaidh gur eispéireas níos fiúntaí é an comhoibriú le daoine eile. | • A bheith ag idirghníomhú go heiticiúil, ar bhonn pearsanta agus ar bhonn fíorúil.<br>• Tuiscint agus meas a léiriú ar luach na héagsúlachta laistigh de ghrúpa agus an ionchuimsitheacht a chur chun cinn.<br>• Rathúlacht comhscoláirí a spreagadh agus a cheiliúradh. |

| | |
|---|---|
| | • Tuiscint a chur ar an rannpháirteachas mothúchánach a bhíonn ag teastáil le bheith ag obair go maith le daoine eile agus aon dúshláin mhothúchánacha a thagann chun cinn a bhainistiú.<br>• Machnamh a dhéanamh ar na nithe a dhéanann tú go maith agus na nithe a bhféadfá iad a fheabhsú agus tú ag obair le daoine eile. |

## Rannpháirteachas sa tsochaí

Baineann an inniúlacht seo le rannpháirteachas fiúntach i scoileanna, teaghlaigh, pobail, agus sa tsochaí, ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda, ar bhonn pearsanta agus ar líne. De réir mar a bhíonn an scoláire rannpháirteach sa tsochaí, faigheann sé tuiscint níos doimhne ar chearta agus freagrachtaí an duine, ar an éagsúlacht, cothromas, ionchuimsiú, ceartas sóisialta agus inbhuanaitheacht. Léiríonn sé a thiomantas i leith rannpháirteachas bríoch ar scoil agus sa tsochaí ar réimse bealaí. Bíonn sé meabhrach ar cheisteanna sochaíocha agus baint aige leo, agus é ag féachaint le tuiscint a fháil ar na fáthanna a dtagann ann do na ceisteanna seo agus lena dtionchair a mhaolú. Bíonn sé i bhfách le hathrú dearfach agus déanann iarracht é a réadú.

| **Torthaí foghlama**<br>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire | **Tréithe**<br>A bheith rannpháirteach sa tsochaí trí |
|---|---|
| Rannpháirtíocht bhríoch a dhéanamh ar scoil, sa phobal agus sa tsochaí níos leithne. | • Do chuid smaointe féin a fhorbairt agus a chur in iúl.<br>• Idir rogha, ghuth agus thionchar a bheith agat i do chuid foghlama agus sa tsochaí.<br>• Ceisteanna casta sochaíocha a iniúchadh.<br>• Machnamh a dhéanamh ar do ról féin i dtaca le dúshláin shochaíocha.<br>• A fhoghlaim conas critíc a dhéanamh ar chórais agus iad a cheistiú, a chosaint agus/nó a athrú ó bhonn.<br>• Gníomhaíocht aonair agus choiteann a phleanáil agus a ghlacadh chun athrú dearfach a bhaint amach.<br>• Bheith ag cur le luachanna agus cleachtais shíochánta dhaonlathacha ag leibhéal scoile agus pobail.<br>• Bheith ag iarraidh teacht ar réitigh ar chásanna a bhaineann an bonn ó dhínit agus cearta an duine.<br>• Roghanna a dhéanamh a théann chun sochair do thodhchaí inbhuanaithe.<br>• Machnamh a dhéanamh ar do chuid luachanna, braistintí agus gníomhartha agus a bheith in ann comhghéilleadh a dhéanamh nó an fód a sheasamh, de réir mar is cuí. |
| Luachanna agus meonta a fhorbairt lena dtacófaí le rannpháirtíocht bhríoch. | • Bheith ag gníomhú go heiticiúil agus cearta aonair agus comhchoiteanna mar threoir agat.<br>• Dlúthpháirtíocht a léiriú aon áit a mbeadh éagothromas agus éagóir. |

| | |
|---|---|
| | • Meas a léiriú ar riachtanais agus cearta na nglúnta atá ann anois, na nglúnta a thiocfaidh inár ndiaidh agus don nádúr.<br>• Dóchas agus éifeachtacht a chothú nuair a bheadh éiginnteacht, débhrí nó baol ann. |

## Folláine a chothú

Bíonn folláine an scoláire i réim nuair a bhaineann an scoláire lánacmhainneacht amach, nuair a thugann sé aire dá fholláine choirp, nuair a bhíonn sé in ann déileáil le gnáthstrus an tsaoil, agus nuair a mhothaíonn sé go bhfuil cuspóir agus braistint chómhuintearais aige. Nuair a bhaintear siar as, bíonn an scoláire in ann plé leis agus cúnamh a iarraidh nuair a bhíonn sé ag teastáil. Cabhraíonn an inniúlacht seo leis an scoláire a thuiscint conas is féidir a fholláine féin agus folláine daoine eile a chaomhnú agus a chosaint. Forbraíonn sé tuiscint ar na bealaí a mbíonn tionchar dearfach agus diúltach ag tosca sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha ar an gcaighdeán maireachtála agus folláine foriomlán a bhíonn ag daoine aonair, grúpaí agus sochaithe. Tacaíonn folláine fhoriomlán an scoláire – a fholláine shóisialta, mhothúchánach, timpeallachta, intleachtúil, spioradálta agus fhisiceach – agus a rathúlacht acadúil lena chéile agus bíonn ríthábhacht ag baint le caidrimh dhearfacha chomhbhácha don dá rud.

| **Torthaí foghlama**<br>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire | **Tréithe**<br>Folláine a chothú trí |
|---|---|
| D'fholláine féin agus folláine daoine eile a chothú. | • A bheith meabhrach ar d'fholláine choirp agus cúram a dhéanamh di.<br>• Caidrimh chomhbhácha a dhéanamh agus a chothú.<br>• D'fhéiniúlacht phearsanta, do chuid luachanna agus do chuid tuairimí féin a fhorbairt agus a chur in iúl.<br>• Do chuid féin a dhéanamh le spás ionchuimsitheach tacúil a dhéanamh de do rang agus de do scoil.<br>• Meas a léiriú ar fhéiniúlachtaí agus cultúir éagsúla agus iad a cheiliúradh agus a thuiscint. |
| Luachanna agus meonta a fhorbairt lena dtacófaí leis an bhfolláine agus leis an acmhainn plé le agus freagairt do dhúshláin. | • An bhraistint go bhfuil brí agus cuspóir leat agus d'fhéinmhuinín a fhorbairt.<br>• Mothúcháin a aithint, a bheith in ann glacadh leo, agus iad a rialú de réir mar is cuí.<br>• A bheith ag mothú go bhfuil sé ar do chumas ghníomhú mar chomhghuaillí nuair a bhítear ag caitheamh go míchothrom le daoine eile.<br>• A bheith eolach ar an méid ba cheart a dhéanamh agus ar an áit ar gá dul nuair a bhíonn cúnamh ag teastáil.<br>• Teacht aniar a fhorbairt nuair a bhíonn dúshláin agus deacrachtaí le sárú.<br>• A bheith in ann measúnú a dhéanamh ar riosca agus freagairt dó ar bhealaí dearfacha. |

## Foghlaim a bhainistiú agus féinbhainistiú

Baineann an inniúlacht seo leis an scoláire tuiscint a chur air féin mar dhuine agus mar fhoghlaimeoir, de réir mar a shocraíonn sé spriocanna agus a dhéanann sé pleananna saoil. Cuireann sé lena thuiscint ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an fhoghlaim agus féadann an t-eolas seo a úsáid lena fhoghlaim a fheabhsú. Éiríonn sé níos meabhraí ar a chuid inniúlachtaí, cumas agus spéiseanna agus cothaíonn iad. Forbraíonn sé straitéisí a chuidíonn leis cinntí a dhéanamh agus gníomhú a dhéanamh, chun machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama agus socrú ar na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim agus sa saol. Tuigeann sé an chaoi le rudaí a chur i gcrích agus conas úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní agus éiríonn níos oilte agus níos muiníní i dtaca le bheith ag gníomhú ar bhonn neamhspleách.

| **Torthaí foghlama**<br>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire | **Tréithe**<br>Foghlaim a bhainistiú agus féinbhainistiú a dhéanamh trí |
|---|---|
| A gcuid foghlama féin a bhainistiú, le tacaíocht óna múinteoirí, daoine fásta eile, a gcuid comhscoláirí agus ón teicneolaíocht. | • Forbairt a dhéanamh ar do thiomantas chun do chuid foghlama a fheabhsú.<br>• Roghanna a dhéanamh agus spriocanna foghlama pearsanta a shocrú.<br>• Naisc a dhéanamh thar réimsí foghlama éagsúla.<br>• Do chuid foghlama a bhainistiú i gcomhthéacsanna éagsúla agus i dtimpeallachtaí éagsúla.<br>• Bealaí a oibriú amach le freagairt do chastacht agus d'éiginnteacht.<br>• Machnamh agus breithmheas a dhéanamh ar do chuid foghlama féin.<br>• Caighdeáin inmheánacha a fhorbairt i dtaca le do chuid oibre féin agus obair daoine eile. |
| Straitéisí, luachanna agus meonta a fhorbairt lena dtacófaí le do chuid foghlama agus do chonair saoil amach anseo. | • Braistint féinéifeachtúlachta a bheith agat mar aon le taithí ar ghnóthachtáil.<br>• Bheith solúbtha, in ann plé le dálaí éagsúla agus sásta foghlaim ó do chuid meancóg.<br>• Do chuid ionchas agus spriocanna don todhchaí a shainaithint agus dul sa tóir orthu.<br>• Roghanna eolasacha a dhéanamh agus freagracht a ghlacadh as d'aistear oideachasúil agus as do chonair ghairme, ach an tacaíocht iomchuí a bheith agat. |

## Gluais Téarmaí

Tá breac-chuntas ar an gciall atá le téarmaí tábhachtacha, de réir mar a úsáideadh sa cháipéis seo iad, le sonrú thíos. Tá siad liostaithe san ord céanna agus atá siad le feiceáil sa cháipéis seo.

### Eolas

Is féidir cur síos ar eolas mar rud a chuimsíonn '*fíricí, coincheapa, smaointe agus teoiricí aitheanta*', lena n-áirítear '*coincheapa agus smaointe teoiriciúla chomh maith le tuiscint phraiticiúil bunaithe ar thaithí i ndiaidh tascanna áirithe a dhéanamh*'[2]. Déanann catagóiriú úsáideach eolais é a chur in eagar i gceithre chineál: disciplíneach, idirdhisciplíneach, eipistéimeach agus gnásúil. Is féidir le heolas disciplíneach, a eagraítear de réir dhisciplín an ábhair nó fearainn eolais, a bheith ina bhonn tábhachtach agus féadfaidh sé cabhrú leis an scoláire cineálacha eile eolais agus scileanna a fhorbairt agus a fhoghlaim. Cuireann eolas idirdhisciplíneach ar chumas an scoláire naisc a shainaithint agus coincheapa, scileanna agus smaointe a aistriú trasna disciplíní, rud a d'fhéadfadh léargais, smaointe nó tuiscint nua a spreagadh. Tagraíonn eolas eipistéimeach d'fhios a bheith ag duine faoina bhfuil i gceist le heolas; fios a bheith agat céard atá ar eolas aige agus céard atá sé in ann a dhéanamh; agus conas a tharla an fhoghlaim sin. Faoi dheireadh, tagraíonn eolas gnásúil do thuiscint a bheith agat ar an gcaoi a ndéantar tasc, ach próisis struchtúrtha a chíoradh go minic, agus féadfaidh sé seo tacú leis an scoláire agus é ag réiteach fadhbanna casta. Foghlaimíonn, úsáideann agus treisíonn an scoláire réimse scileanna, luachanna agus meonta agus é ag leathnú, ag neartú agus ag léiriú a chuid eolais agus tuisceana a thuilleadh.

### SCILEANNA

Is féidir cur síos ar scileanna mar '*a bheith in ann próisis a chomhlíonadh agus a bheith in ann do chuid eolais féin a úsáid ar bhealach freagrach chun do spriocanna féin a bhaint amach*[3]. Déanann catagóiriú úsáideach scileanna iad a chur in eagar i dtrí chineál: scileanna cognaíocha agus meiteachognaíocha (mar shampla, smaointeoireacht chriticiúil, smaointeoireacht chruthaitheach agus féinrialúchán); scileanna praiticiúla agus fisiciúla (mar shampla, ábhair agus uirlisí, eolas nua agus gléasanna teicneolaíochta a úsáid); agus scileanna sóisialta agus mothúchán (mar shampla, comhbhá, freagracht agus comhoibriú). Forbraítear agus úsáidtear scileanna, in éineacht le heolas, luachanna agus meonta, ar bhealach comhtháite agus comhordaithe, go minic mar fhreagra ar thasc nó ar éileamh áirithe nó chun obair a dhéanamh i dtreo sprioc áirithe.

### Luachanna agus meonta

Is féidir cur síos a dhéanamh ar luachanna mar '*na creidimh atá ag duine faoi na rudaí atá inmhianaithe – dóibh féin agus don tsochaí i gcoitinne*'[4]. Is féidir cur síos a dhéanamh ar mheonta mar '*an claonadh atá ag duine gníomhú ar bhealach áirithe in imthosca ar leith*'[4]. Tá nasc idir meonta agus luachanna, óir is minic a bhíonn daoine ag gníomhú ar bhealach áirithe de bharr a luachanna agus a gcreideamh bunaidh. Tá nasc idir meonta agus scileanna freisin. Cur síos gearr amháin ar mheonta is ea '*toil chomh maith le scil*'[3] a bheith agat chun rud éigin a thriail nó a bhaint amach. Tá nasc idir meonta agus eolas a oiread céanna, óir féadfaidh na meonta smaointeoireachta agus foghlama, a fhorbraíonn an scoláire, a chuid foghlama a shaibhriú agus é ag gabháil don eolas ar fud disciplíní

---

[2] ECFE (2019), *Future of Education and Skills 2030*, Concept note: knowledge for 2030, lch 3.
[3] ECFE (2019), *Future of Education and Skills 2030*, Concept note: skills for 2030, lch 4.
[4] McGuinness, C. (2018), *Research-Informed Analysis of 21st Century Competencies in a Redeveloped Primary Curriculum*, tuarascáil taighde CNCM, https://ncca.ie/media/3500/seminar_two_mcguinness_paper.pdf

éagsúla. Tá go leor bealaí ann ar féidir luachanna agus meonta a eagrú agus a chatagóiriú, agus féadfaidh siad seo luachanna agus meonta pearsanta, sóisialta, sochaí agus daonna, mar shampla, a chuimsiú.

## Príomhinniúlachtaí

Is scáth-théarma é Príomhinniúlachtaí lena dtagraítear don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire le linn na sraithe sinsearaí. Baineann inniúlachtaí leis an gcumas a bheadh ag duine a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta a úsáid ar bhealach comhordaithe chun gníomhú mar fhreagairt ar thascanna, comhthéacsanna, suíomhanna agus teagmhais éagsúla.

## Torthaí foghlama

Is ráitis iad na torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar na hinniúlachtaí, ar an eolas, ar na scileanna, ar na luachanna agus na meonta ba cheart don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh tréimhse foghlama.

## Tréithe

Déanann na tréithe cur síos ar dheiseanna foghlama agus forbartha sainiúla don scoláire i ngach príomhinniúlacht. Ba cheart go gcabhródh gach aon ábhar agus modúl leis an scoláire na príomhinniúlachtaí go léir a fhorbairt, d’fhéadfadh sé, áfach, go mbeadh roinnt tréithe níos ábhartha in ábhair agus modúil áirithe ná mar a bheidís i gcinn eile.

## Uirlisí

Aon ghléas, uirlis nó teicneolaíocht a chuirfeadh leis an bhfoghlaim nó a d’fhéadfaí a úsáid mar chúnamh chun an fhoghlaim a léiriú.

## Straitéisí

Is ionann straitéisí agus bealaí le tabhairt faoin bhfoghlaim chun do chuid eolais agus scileanna a fheabhsú agus chun cabhrú leat dul i ngleic go héifeachtach le tascanna.

## Foinsí

Cuimsíonn foinsí aon saghas téacs; idir mheáin thraidisiúnta agus mheáin úra; daoine aonair agus grúpaí; foinsí príomha agus foinsí tánaisteacha; bunachair sonraí, ailt taighde, leabhair, réada.

## Téacsanna

Cuimsíonn 'téacs' gach toradh ar úsáid teanga: caint, gothaí, comharthaí, scríobh, Braille, amharc, tadhlach, leictreonach agus digiteach.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment